# *Cé hé Íosa?*

*‘Ní sinn féin ábhar ár seanmóra, ach Íosa Críost ina Thiarna oraibh, sinne in ár seirbhísigh agaibh…’*

(2 Corantaigh 4:5)

Peter Walker
**www.1peter1three.weebly.com**

*(Aistrithe ag Roy Rohu)*

*Tiomnaím an leabhrán seo duitse, a léitheoir. Go raibh maith agat as ligean dom a roinnt leat faoi Íosa Críost.*

*Ní raibh aon treoir fhoirmiúil sa Bhíobla agam, nílim cruinn cinnte faoi go leor des na saincheisteanna diaganta. Is leantóir Íosa mé, áfach, agus is breá liom na Scrioptúir. Lig dom led' thoil, mo chuid smaointe a roinnt leat…*

Réamhrá:

**Más ag fiafraí na ceiste seo - Cé hé Íosa - tá tú san áit cheart, dáiríre!**

Seans go bhfuil fearg ort le Dia, nó go bhfuil tú gan creideamh ann faoi láthair. B'fhéidir go gcreideann tú i nDia, nó go gcreideann tú ann san am i láthair ach go bhfuil tú gortaithe. B'fhéidir gur Moslamach, Hiondúch, Budaí nó creidmheach de chuid chreidimh eile tú. Seans go bhfuil tú in áit difriúil, faoi mar a chuirtear in iúl é, nach dtuga leat féin tuiscint d'fháil air…Beag beann, a chara, ar a mhothaíonn tú faoi chursaí ar bith, tá fáilte romhat ag Dia an Bhíobla – ó leabhar tosaigh go leabhar deiridh de – tá fáilte, fiú fáilte chroíúil romhat fiafraí:
**'Cé hé Íosa?'**

Seans go bhfuil a lán, lán ceisteanna nach dtig liom fuascailt agus sin cleachtadh nach liom é. Dáiríre, níl sa leabhrán seo ach mise, creidmheach, ag nochtadh roinnt smaointe leat. 'Siad foinse mo smaointe ná mo chreideamh, an Bíobla, agus Spiorad Dé.

Creidim gurb é atá sa Bhíobla, ná - bailiúchán 66 leabhar, san iomlán - focal spreagtha Dé. Aon rud maith nó 'fíor' dá bhfuil ann, tig le duine míthuiscint a thabhairt as, nó mí-usáid a dhéanamh de, is fíor, agus fós, amhras a chur air. In ainneoin lochtanna pearsanta daoine, agus iad ag úsáid an Bhíobla, is foinse iontaofa Dé d'iarrthóirí macánta na fírinne é. Fir gan 'ardléann foirmeálta' a scríobh, agus dá thairbhe sin, is éasca é a léamh. Ní ag dul i bhfolach atá Dia; níl, ach é féin a nochtadh dúinn!

Lig dom anois léimt isteach lem' smaointe a chur chugat faoin gceist ríthábhachtach sin: '**Cé hé Íosa?'**

## ***Cé hé Íosa?***

Múineann an Bíobla dúinn gurb é Íosa - ainm a chiallaíonn 'Sábhálann an Tiarna' - Dia mar fhear. Tháinig Dia ó neamh le conaí ina fhear sa chaoi go bhféadfaimis gaol dílis pearsanta le Dia a bhunú.

'Sé Íosa é 'Dia san fheoil'. Tháinig sé lenár bpeaca a mhaitheamh, agus beatha shíoraí a dheonú orainn. Seo, go díreach, fáth a theachta.

**Nochtadh:**

Cuireann an Bíobla ar an eolas muid gur rún dosháraithe é seo atá thar thuiscint daonna é - teacht Dé i bhfoirm dhaonna lenár slánu a chur ar fáil dúinn. Sin fírinne nach dtig linn a láimhseáil. Rómhór dúinn! Sea, insíonn an Bíobla dúinn go bhfuil an fhírinne seo - chomh míriúilteach sin - dothuigthe d'ár réasúnaíocht daonna!

Insítear dúinn gur fírinne seo Dé - Íosa Críost - gur 'Spiorad agus Fírinne' é, agus fós, nach 'de thairbhe intleachta', ach mar 'nochtadh spioradúil' dár gcroí.

Má iarrann tú anailís a dhéanamh ar Dhia - ionann's mise agus go leor eile - é 'a chur i líne' do d'intinn, is deacair lánchead a thabhairt d'ár spiorad agus d'ár gcroí an roth tiomána a thabhairt dó. Ach is eol duit, a chara, gach aonrud is speisialta agat faoi láthair - *cairde, do líontí, aoibhneas, grá, síocháin, maithiúnas, trócaire* - dáiríre i go leor cásanna, tá ár n-intinn, ár dtuiscint, ár ngortú, ceadaithe againn damáiste a dhéanamh d'fhírinní croí nó do chaidreamh. **Ar lig tú riamh do d'intinn do chroí a shárú agus, i ndiaidh sin, áiféala d'fhulaingt as do bheart?** Cuir i gcás dá bhféadfainn Dia a thuiscint ina iomláine in ainneoin mo 'thuiscint lochtach', Dia an-bheag a bheadh ann, dáiríre!

De réir an Bhíobla, '*Is Spiorad é Dia agus caithfidh a lucht adhartha é d'adhradh sa Spiorad agus san fhírinne'*. Dúirt Íosa faoina chuid focal agus a nochtadh '*Spiorad agus beatha atá i mo chuid focal'*
**Ar mhothaigh tú riamh fírinne Íosa ag tabhairt dúshlán do d'intinn, ach fós ag cnagadh ar dhoras do chroí?**

**<u>Teachtaireacht Íosa:</u>**

Nach spéisiúil go n-iarrann Íosa ar dhaoine 'creidiúint' ann? Níor tháinig sé ag ofráil airgid nó saibhris. Níor tháinig sé fiú ag ofráil freagraí a thabhairt le ceisteanna diagachta ach ag fiafraí, '*An bhfuil tart ar éinne? Tagadh sé chugam agus óladh sé… An té a chreideas ionam, beidh aibhneacha d'fhíoruisce na beatha ag rith as a chroí amach.'* D'fhiafraigh Íosa an raibh 'tart' orainn agus gheall sé 'fíoruisce na beatha' dúinn. Ní fheileann sé sin d'ár ngnáthshaol nó d'ár ngnáthbhealach smaointeoireachta. Ach mar sin féin, sileann sé anuas go doimhin isteach in ár n-anam agus feileann sé go dáiríre ríre d'ár riachtanas rud breise d'fháil.

**An mbaineann an cheist seo a d'fiafraigh Íosa den tslua – 'An bhfuil tart ort?' – le d'anam féin?**

Nó, mar shampla, an uair a chas Íosa ar an tslua agus d'fiafraigh, '*An bhfuil éinne traochta.'* Agus ansin, gheall sé sos compordach dóibh: 'compord' difriúil ar fad.

Gan dabht, rinne Íosa míorúiltí, ach bhí cuspóir an-speisialta aige lena ndéanamh. Uair amháin agus slua mór roimhe, nocht Íosa an fáth leis na míoriúiltí a dhéanamh, chun go dtuigfimis go bhfuil an chumhacht aige peaca a mhaitheamh. Ní raibh sé ag déanamh míoriúiltí le beatha roinnt daoine d'fheabhsú fad a saol domhanda, ach amháin. Dob' í aidhm na míoriúiltí aige ná go bhfeicimis a chumhachtsa le maithiúnas a dheonú d'ár bpeaca agus '*ár n-ainmneacha a scríobh ar neamh.'*

**Céard ab é a theachtaireacht, mar sin? Cé mar is féidir liom an 'beatha', an 'compord', 'na huiscí beo', d'fháil isteach i m'anam istigh?**

Seo anois an pointe a thagann teachtaireacht Íosa 'ar an saol' go liteartha agus go pearsanta…

Arsa Íosa, *'Is mise an doras, más tríomsa a thagas fear isteach, slánófar é.'* Níor mhúin Íosa *faoi* Dhia; thug Íosa cuireadh dúinn chuige féin chun *aithne* a chur ar Dhia féin. An rud is tábhachtaí id' shaol agat, is duine é, ní rud éigin, ná

coincheap éigin. Smaoinigh faoi sin, nóiméad. **Céard é is mó thábhacht duitse, anois díreach i do shaol?** Mheasfadh an chuid is mó dínn gur duine, nó gaol, seachas seilbh nó áit é. Is ionann sin le Dia. Cén fhírinne Dhia atá is doimhne agus is mó tábhachta do dhuine? Is é Dia – é féin. Sin ab é cuspóir Íosa le bheith ina fhear sa chaoi go bhféadfadh mise agus tusa é d'fheiceáil agus aithne a bhunú leis. Sin é an fáth gur ghlaodh 'Imeánúéil' air, a chiallaíonn '*Dia linn*.' Íosa - Dia mar fhear - a tháinig sa chaoi go bhféadfadh sé bheith linn, anois agus go deo.

**An mian leat caidreamh pearsanta a bhunú le Dia?**

**<u>Creideamh:</u>**

Tugann Íosa ár ndúshlán '*creideamh'* a chur ann. Sin é an cuireadh a thug sé dosna daoine, agus iad ansin roimhe amach, á fheiceáil go glinn le súile a gcinn. C*ad chuige, mar sin an bhéim láidir faoi 'creideamh' a chur ann?* Tarlaíonn dhá rud dom faoin gceist seo 'creidimh':

1. ***Creideann fíorchara ionat!***

An raibh 'cara', mar a thugtar air, mí-dhílis duit riamh? Feiceann an duine sin thú, beannaíonn sé duit; tá 'caidreamh' aige leat, ach ní 'chreideann' sé ionat. Tharla go bhfuil cuid dá chroí dúnta id' aghaidh. ***Anois, an féidir leat 'caidreamh íon' a thabhairt air sin?***

Tháinig Íosa - Dia san fheoil- d'fhonn lena bheith 'mar aon linn'. A ainm, fiú, 'Imeánúéil', ciallaíonn sé '*Dia linn.'*[1] Ní h-ámháin 'admháil creidimh' atá ó Íosa uait. Tháinig sé chun go mbeadh caidreamh grámhar 'creidimh' aige leat. '<u>Sé</u>

---

[1] Íseáia 7:14/ Matha 1:23

fíorchairdeas ann ná iontaobh íon lena chéile.

Arsa Íosa, *'Ghlaoigh mé cairde oraibh'.* Ar seisean, fós, nach bhfuil caoi ab fhearr ag duine le grá a thaispeáint ná go dtabharfadh sé a anam ar son a chairde.[2]

2. ***Ni hionann rud é feiceáil agus creidiúint!***

Agus Íosa ar thalamh, chonaic an-chuid daoine a chumhacht, a mhíorúiltí, gan creideamh a chur ann. Seans go ndéarfá, ionann's mise*, go mba mhaith leat Íosa 'd'fheiceáil le do shúile chinn...'* Is léir go bhfaca sluaite réaltacht na míorúiltí - finnéithe iad - gan creideamh a chur ann. Dáiríre, cuid acu, sea d'iompaigh siad *ina choinne*. I ndeireadh na báire, formhór díobh sin a 'chonaic' é - iad san a chuala, iad a shiúil leis, iad a bhain taitneamh as comharthaí agus iontaisí Íosa - idir thiontaigh siad ina choinne nó rinne said a thréigean é. Cuireadh chun bháis é i solas an lae leathan i láthair na ndaoine a raibh sé feicthe acu.

---

[2] Eoin 15:13-15

Sin é an fáth go nglaonn Íosa orainn 'creidiúint' ann, ní radharc na súl ach amháin. Agus tabhair aire. Nuair a raibh sé feicthe acu, ach amháin, 'sé a rinne siad ná é a mharú. Ní thig linn brath orainn féin bheith dílis dá bhfeicimid go laethiúil. Tig le duine bheith dílis ar feadh tamaill, ionann's na deisceabail b'fhéidir, ach pointe áirithe ar ár mbealach, teipfidh ár súile, ár n-intinn, ár gcroí orainn agus tréigfimid an rud sin. Seans go gcasfaimis díreach in aghaidh an ruda sin a raibh grá sealadach dó!

Arsa Íosa le Tomás, a dheisceabal,*'Is beannaithe a chreideas agus nach bhfaca.'*

Agus muid anseo ar thalamh,'sé a theastaíonn ó Íosa ná 'feiceáil' le súile ár gcroí, creidiúint ann - *glacadh leis, é a leanúint, géilleadh dó, adhradh.* 'Sé a theastaíonn uaidh ná fíorghaol leat, cairdeas! Lá, amuigh anseo, déanfar athchló orainn 'áit' a bheas ár súile gan smál, ár gcroí seasmhach agus feicfimid é 'aghaidh ar aghaidh'! Ach faoi láthair, glaotar orainn chun chreidimh.

**Meas tú go ‘bhfeiceann’ tú Íosa le súile do chroí?**

**Stór:**

**Cén fáth go bhfuil sé chomh deacair sin Íosa a 'fheiceáil' nó 'creidiúint' ann? Cén fáth nach gcloiseann daonra an domhain iomlán agus muinín a chur ann?**

Agus mise ag léamh an Scrioptúir, bíonn iontas orm an chaoi a n-oibríonn Dia. Ó thús aimsire, in ainneoin grá Dé don uile dhuine go cothrom, bhí *'caidreamh'* ag cuid acu leis ach gan é sin ag cuid eile díobh. Seo, idir anois - agus amach anseo - dodhéanta le tuiscint, ná míniú a thabhairt air.

B'ionann cás agus Íosa ag siúl ar thalamh ag seanmóireacht agus ag déanamh míorúiltí. Roinnt daoine, chaith siad féin ar an talamh agus a dúirt *'Is tusa an Tiarna!'* Roinnt eile díobh, thug siad tarcaisne air agus thug dúshlán a údaráis air. Conas is féidir é sin a tharlúint? Cén chaoi ar féidir le fear amháin féachaint ar Íosa agus Dia d'fheiceáil agus duine eile gnáthfhear d'fheiceáil? Ní féidir liom é sin a mhíniú!

Ach a bhfeictear dom féin de, le linn saoil agus teagaisc Íosa, ná é féin a nochtadh go doimhin, ciúin. *A leithéid de doimhneacht agus ciúnas!* Chomh doimhin agus chomh ciúin sin is go ndeachaigh sé díreach go croílár duine mar '*Dia linn'* agus a thug athrú bunúsach don duine go deo. Ach toisc nochtadh sin Íosa a bheith chomh íon, chomh ciúin sin, sleamhnaíonn sé 'as radharc' ón gcuid is mó dínn gan é a thabhairt faoi deara. Tá an oiread sin fuaimeanna, fíricí ar snámh ar uachtar ár mbeatha is go sleamhnaíonn fírinní Dé tharainn gan ár n-aird a tharraingt orthu.

Thug Íosa fáthscéal uaidh chun ár suntas a tharraingt agus an fhírinne seo a léiriú gan seans d'ár mhíthuiscint. Ar seisean, *'Is cosúil ríocht na bhflaitheas le taisce a bhí i bhfolach i ngort. Nuair a tháinig fear air, d'fholaigh sé arís é agus, ardghliondar air, chuaigh sé agus dhíol sé a raibh aige agus cheannaigh sé an gort sin.'*[3]

---

[3] Matha 13:44

**An mbraitheann tú gur stór é Íosa, stór a bhfuil tú ar an tairseach le h-aithint cé is go bhfuil an tslua gan aird?**

## Fuil:

Fíordheacair é, scéal Íosa, le tuiscint! Deirtear linn gur tháinig sé i bhfoirm dhaonna, ach Dia é, lenár bpeacaí, ár lochtanna mar 'rianta fola' orainn, a mhaitheamh. Is eol do chách céard iad rianta fola ann. Fágann ár bpeacaí fodhoimhne rianta fola orainn: dúnmharú, foréigean, mí-úsáid orainn; sin 'fuil', foinse ár mbeatha daonna. Go bunúsach, i bprionsabail, tá fuil ar ár lámha. Seo linn ar dhomhan atá lán den scábhaíocht, mí-úsáid. Cuid againn, tá fuil ar ár lámha go fíor. Cuid eile dínn, ceannaímid earraí a chosnaíonn cruatan agus fuil a ndéantóirí. Is fírinne amh, míchompórdach í sin - ach 'sé doirteadh fola is foinse dhorchadas ár gcruinne, agus maraon leis, sin é a chuireann idir muid agus Dia.

É sin mar atá, tagann Íosa, ar mhian láidir leis ár saoradh ón bpeaca sin agus ón ndorchadas maraon leis. Is mian leis ár saoradh ó idir a bhfuil fulaingthe againn agus pé mícheart atá déanta againn. Is mian leis leigheas agus athbhunadh a thabhairt do gach aon bheatha, gach aon

chroí agus, fiú, an talamh fúinn. Deirtear linn gur oscail Íosa bealach ár ‘bhfuaiscailt‘ agus ár ‘maithiúnas’ sa chaoi tharthuisceanta spioradúla seo: **Thug Íosa ár bpeaca air féin go pearsanta, corpartha a chosain a bheo.** Tá véarsa amháin sa Bhíobla a deir ‘*Rinneadh Dia peaca de, Íosa, é sin nach raibh peaca ann, ar ár son.’*[4]

Thug Íosa mo chiontacht, mo náire air féin agus fuair sé bás ar mo shon, ar ár son go léir. D’éirigh sé ón mbás, agus b’shin deireadh curtha le mo pheaca. D’fhág sé é sin sa tuama. ’Séard a thug sé ar ais, a bhuí dá bhás, nó maithiúnas agus saol nua dóibh siúd a chreideann ann.

Tá véarsa cumhachtach sa Bhíobla a mhíníonn sé sin; seo é: doirteadh fola Íosa ‘a labhraíonn níos fearr’ ná fuil ár bpeaca.

‘Sé seo an fáth, nuair a chreidimid ó chroí in Íosa, agus muid ag fáiltiú roimh a mhaitheamh dúinn, gur sin muid thar a

---

[4] 2 Corantaigh 5:21

bheith buíoch as ‘*fuil Íosa.’*

**An mian leat bheith ‘nite’ ag a chuid fola?**

**Spiorad:**

Tá Íosa beo! Tá sé fisiciúil, agus tá sé ar neamh. Tiocfaidh an lá a mbeidh tú in ann bualadh leis '*aghaidh ar aghaidh'.*

Ach nuair a bhí Íosa ag insint dá dheisceabail go raibh daite dó an talamh seo d'fhágáil sara fada agus dul chun na bhflaitheas, dúirt sé leo go mba cheart iad a bheith áthasach - ní brónach- mar dá thairbhe sin, go dtiocfadh an *Spiorad Naomh orthu agus iontu*.[5]

Agus Íosa ar thalamh anseo, sea, foirm dhaonna ach amháin a bhí air. Agus é i mbaile amháin, ní raibh ar a chumas bheith i mbaile eile. Agus é ag leagan lámh síochána ar fhear eile ansin, ní raibh sé ag déanamh amhlaidh i mbaile eile. I bhfoirm dhaonna a bhí sé agus mar sin, bhí an teora chéanna airsean agus atá orainne.

Nuair a h-ardaíodh é chun na bhflaitheas, sea tharla doirteadh amach Spiorad Íosa, '*an Spiorad Naomh'* ar an talamh *uile go*

---

[5] Eoin 14:17, 26, 28

*léir.* Chiallaigh sé sin go bhféadfadh Íosa agus a shíocháin a bheith i ngach aon bhaile ag an uair cheanann chéanna. Toradh eile atá ann: tig le h-Íosa conaí taobh *istigh ionainn!* Ní h-amháin siúl linn.

Agus a mhisean ar thalamh comhlíonta aige- ag fáil bháis agus ag aiséirí, idir maithiúnas agus beatha shíoraí a dheonadh dúinn - tá sé ar neamh go fisiciúil. Tig linn, fós, cumarsáid a dhéanamh leis trí mheán a Spiorad Naomh.

An uair a chuirimid ár gcreideamh in Íosa, tagann sé chugainn trí mheán a Spiorad Naomh agus conaíonnn sé in ár gcroí, in ár anam, ár spiorad - '*Dia linn.'*

**Ar mhaith leat creidiúint in Íosa, agus a Spiorad Naomh i do chroí agus i do shaol?**

**<u>Cuireadh:</u>**

Arsa Íosa, *'Is mise an doras; más tríomsa a thagas duine isteach, slánófar é.'* (Eoin 10:9)

**Ar mhaith leat iarraidh ar Íosa teacht isteach i do chroí 's do shaol, láithreach?**

Sin cinneadh spioradálta, agus a luaithe is a fáiltíonn tú Íosa isteach i do shaol, beidh do pheacaí maite agus an bheatha shioraí istigh agat. Beidh tú ar chosán úrnua a ghlaonn an Bíobla air '*ag dul i ngile go hard an lae.'* (Seanfhocail 4:18)

Seo í an chaoi leis an droichead a thrasnú ó bhás go beatha, agus a bheith i bpáirt le hÍosa. Tá dhá rud 'le déanamh' agat. Seo thíos iad, agus féach ansin ar an bpaidir atá scríofa agam ar féidir leat a 'ghuí' as lán do chroí:

1. **Aithrí an pheaca**:

Caithfidh tú aithrí a dhéanamh as ucht do pheacaí. Sea, is céim thromchúiseach í sin, ach sin í go díreach an chéim a

iarrann Íosa ort. Caithfidh tú go fíreannach cinneadh a dhéanamh agus ansin díreach, do chúl a thabhairt ar pheaca do shaoil, le cúnamh Dé - grá airgid, lust, saint, mímhacántacht, dúil, pornagrafaíocht agus mar sin de.

Is ‘cinneadh croí’ é aithrí an pheaca chun go mbeidh toradh sofheicthe i do shaol agus sa bhaile le himeacht aimsire. Seans gur gá deireadh a chur le nósanna áirithe, cumarsáidí a dhéanamh, rudaí le caitheamh amach uait nó a chur as do sheilbh. Má chinneann tú aithreachas a dhéanamh, sin iompú thart (sin brí an fhocail aithreachas) tá tú ag díriú ar an mbealach ceart leis an chéad chéim eile.

2. **Creideamh in Íosa:**

Déileáladh thuas anseo tábhacht agus ‘fírinne’ an chreidimh in aon chaidreamh dílis. Glaonn Íosa orainn chun an *‘creideamh’* seo a chur ann, agus glaonn sé orainn céim seo an chreidimh ann a rá os ard, d’fhocail bhéil. Seo paidir atá scríofa agam, paidir arbh fhéidir leat

tabhairt chugat féin. Is gá go n-ofráileann tú an paidir go fírinneach, ó chroí.

Má tá tú aithríoch as do pheaca agus má chuireann tú do chreideamh in Íosa Críost, láithreach, ar an bpointe, cuirfidh sé a Spiorad Naomh i do chroí, maithfidh sé do pheaca agus scríobhfaidh sé d’ainm ar neamh.

**Paidir:**

**A Thiarna Dhil Íosa, táim fíorbhuíoch as do ghrá a thabhairt dom. Gabhaim fíorbhuíochas leat as bás d'fháil ar mo shon. Táim thar a bheith buíoch, fós, as do mhaithiúnas agus beatha shiorraí d'ofráil dom.**

**Déanaim aithreachas faoi mo pheacaí agus cuirim mo mhuinín ionat anois díreach. Iarraim maithiúnas mo pheaca ort agus do Spiorad Naomh a doirteadh isteach i mo chroí.**

**Gabhaim buíochas ó chroí, a Thiarna, as do mhaithiúnas agus fós, do mo shlánú. Iarraim anois ort do chabhair lem' láidriú agus mé ag iarraidh do leanúint fad mo bheo, go bhfeice mé thú aghaidh-ar-aghaidh. I d'ainm, Íosa, a ghuím. Aiméan.**

**Beatha Úrnua**

Má tá céim an chreidimh seo tabhartha agat, slánófar thú! Tá tú maite! Is cruthú úrnua thú. Sin é móid Dé. Sin teachtaireacht Íosa.

Ós 'creidmheach' úrnua thú, is den ríthábhacht go gcuireann tú tús leis an Bíobla a léamh chuile lá maraon le roinnt nóiméad ag guí le hÍosa. Is den tábhacht, fós, nasc a bhunú le heaglais mhaith Críostiúil, sa chaoi go dtosaíonn tú ag fás sa chreideamh agus go mbíonn tacaíocht ó chreidmhí eile agat.

Muna bhfuil Bíobla agat, déan ceann a chuardach. Sin é mo mholadh duit. Bíonn Bíoblaí ar fáil arlíne nó i siopaí leabhar.

Sé a dhéanaim féin ná caibidil amháin a léamh gach aon lá. B'fhéidir tús a chur le Soiscéal Lúcáis agus ina dhiaidh sin, leanúint leat ag léamh…

Bí ag faire leat eaglais mhaith a thoghadh, ceann iontaofa. Déan é sin trí guí fúithi, agus iarr ar an Tiarna Íosa. Iarr moladh ó Chríostaí ded' lucht aitheantais

a bhfuil iontaoibh agat as. Bí cinnte dul chun na heaglaise uair in aghaidh na seachtaine, do chomhartha tiomantais don Tiarna. Seans go gcaithfeá athrú nó athraithe a dhéanamh, abair rud éigin seachtainiúil, d'fhonn é sin a thabairt i gcrích agus fiú seoradh airgeadais. *Tabharfaidh an Tiarna onóir duit as a ucht sin!*

Ba bhreá liom cloisteáil uait má tá céim seo an chreidimh déanta agat! Tig leat ríomhphost a chur chugam. Gheobhaidh tú mo sheoladh ar mo shuíomh gréasáin ar an chéad leathanach eile. Déanfaidh mé comhghairdeas leat agus guífidh mé ar do shon!

Beannacht Dé ort, mo dheartháir, mo dheirfiúir! Go dtí go mbuailfimid le chéile ag teacht le chéile an teaghlaigh! Go mbeannaí Dia thú, go gcomeádaí sé thú, go gcúití sé thú. In ainm Íosa!

Chun acmhainní eile a fháil, féach ar mo shuíomh gréasáin thíos:

**www.1peter1three.weebly.com**

**‘Go mbeannaí an Tiarna thú agus go gcumhdaí sé thú; go dtaitní gnúis an Tiarna ort agus go raibh sé caoin leat; go nochta an Tiarna a ghnúis duit agus go dtuga sé síocháin duit.’**
Uimhreacha 6:24-26

*<u>Scrioptiúir Tagartha:</u>*

**Dia ag impí orainn teacht chuige:**
2 Corantaigh 5:20

**Gan aithne ach ar Chríost, a Scrioptiúir, a Spiorad:**
1 Corantaigh 2:2-3

**Inspioráid agus mí-láimhseáil an Bhíobla:**
Eabhraigh 4:12/Irimia 29:13 (féach Matha 4:1-11; 2 Corantaigh 4:2 freisin)

**Inspioráid Scrioptiúir ag roinnt údar gan foghlaim:**
Gníomh 4:13

**Brí ainm Íosa, 'Sabhálann an Tiarna':**
Matha 1:21

**Íosa mar Dhia i bhfoirm dhaonna:**
Íseáia 7:14/Matha 1:23; Íseáia 9:6; Eoin 1:1-5,9,14; Eoin 8:58/Eaxodus 3:14; Eoin 10:30; Eoin 14:9; Eoin 9:38/Matha 14:33/Eaxodus 20:5; Eoin 5:46; Colosaigh 1:15-20; Eabhraigh 1:3; Filipigh 2:6-11; Zacairia 14:9/Gníomh 4:12; Apacailipsis 1:13-18

**Aidhm Íosa, peaca a mhaitheamh agus beatha shiorraí a thabhairt:**
Lúcás 5:24; Eoin 11:25-26; Eoin 4:13-14

**Nochtadh spioradálta dodhéanta a thuiscint!:**
Eoin 6:37,65; Matha 16:16-18; Rómhánaigh 11:33-36; Íseáia 55:8-9; Salm 36:9; 2 Corantaigh 4:6; Eoin 4:24; Eoin 6:63

**Creideamh i gCríost:**
Eoin 7:37-38; Eoin 11:25-26; Eoin 9:35; Matha 11:28-30; Lúcás 5:24; Lúcás 10:20; Eoin 10:9; Eoin 5:39-40; Eoin 15:13-15

**Ní hionann rud é feiceáil agus creidiúint:**
Eoin 11:45,53; Matha 26:56; Marcas 15:25; Eoin 20:29; 2 Corantaigh 4:6; 2 Corantaigh 5:7; 1 Eoin 3:2; 1 Corantaigh 13:12

**Is breá le Dia gach duine go cothrom!:**
2 Peadar 3:9; 1 Tiomóid 2:4; Matha 18:14; Eoin 3:16

**Adhradh Chríost agus Críost a dhiúltú:**
Eoin 9:38; Matha 14:33; Eoin 10:20; 2 Corantaigh 5:16

**Nochtadh doimhin agus ciúin:**
Matha 16:20; Marcas 1:24,34,44; Marcas 4:11; Íseáia 6:9; 2 Corantaigh 5:16; Salm 42:7; Matha 13:44

**Fuil agus Saoirse i gCríost:**
Íseáia 1:18; Salm 25:15; 2 Corantaigh 5:17; Galataigh 2:20; Lúcás 4:18/Íseáia 61:1; Íseáia 42:3; 2 Croinicí 7:14; 2 Corantaigh 5:21; Eabhraigh 9:22; Eabhraigh 12:24

**Spiorad:**
Eoin 14:1-4; Apacailipsis 1:13-18; 1 Corantaigh 13:12; Eoin 14:17,26,28

**Cuireadh agus Saol Nua:**
Lúcás 10:20; Eifisigh 1:13-14; Colosaigh 1:27; Seanfhocal 4:18; Eoin 5:24; Marcas 1:15; Matha 3:8; Gníomh 3:19; Rómhánaigh 10:9; 2 Corantaigh 5:17; Eabhraigh 10:25; Salm 1; Eabhraigh 4:12/2 Tiomóid 3:16